

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGHAN tÚDARÁS UM PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA
AGUS UM FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA
EORPACHA**Cinneadh ón Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha
an 18 Bealtaine 2021**

lena nglactar na rialacha a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Institiúidí, Comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, i ndáil le cearta áirithe ábhar sonraí a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin

(2021/C 257 I/01)

TÁ ÚDARÁS UM PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA AGUS UM FHONDÚIREACHTAÍ POLAITIÚLA EORPACHA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 25 agus 45(3) de,

Ag féachaint don Tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 28 Aibreán 2021, a ndeachthas i gcomhairle leis de bhun Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis an gCinneadh seo,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is cuspóir do na rialacha cur chun feidhme a bhaineann le Rialachán (AE) 2018/1725 (na “rialacha cur chun feidhme”) na coinníollacha a shonrú faoina gceadaítear don Údarás srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 25 de.
- (2) Laistigh den chreat sin, tá sé de cheangal ar an Údarás, agus srianta á gcur i bhfeidhm aige de bhun Chaibidil II den Chinneadh seo, cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí lena mbaineann a urramú, mar a chumhdaítear in Airteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, in Airteagal 16(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i Rialachán (AE) 2018/1725.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (3) Chun na críche sin, ní mór don Údarás, sula gcuirfidh sé aon srianta ar leith i bhfeidhm, measúnú a dhéanamh, cás ar chás, ar riachtanas agus ar chomhréireacht na srianta faoi seach, agus na rioscaí do chearta agus do shaoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí á gcur i gcuntas.
- (4) Leagtar síos in Airteagal 25(5) de Rialachán (AE) 2018/1725 go nglacfar rialacha inmheánacha maidir le srianta faoi Airteagal 25 den Rialachán sin ar an leibhéal is airde bainistíocht in institiúidí an Aontais agus go bhfoilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir

Leagtar síos leis an gCinneadh seo rialacha inmheánacha ar dá mbun a fhéadfaidh an tÚdarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (an “tÚdarás”) eisceachtaí, maoluithe nó srianta a chur i bhfeidhm maidir le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 2

Rialaitheoir

1. Cinneann an tÚdarás cuspóirí agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta agus, dá bhrí sin, gníomhaíonn sé mar rialaitheoir i ndáil leis na sonraí sin de réir bhrí Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus amhail dá dtagraítear in Airteagal 25(2)(e) den Rialachán sin.
2. I gcás ina gcinneann an tÚdarás agus eintiteas amháin eile ar a laghad, lena n-áirítear Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, cuspóirí agus modhanna oibríochta próiseála ar leith, measfar gur rialaitheoirí comhpháirteacha iad na gníomhaithe inniúla de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.
3. Beidh an rialaitheoir freagrach as a áirithiú go ndéantar oibríochtaí próiseála i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 agus ní mór dó a bheith in ann comhlíonadh an Rialacháin sin a thaispeáint.

Beidh an Rialaitheoir freagrach go háirithe as na nithe seo a leanas:

- (a) bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme i bhfianaise chur i bhfeidhm na bprionsabal maidir le cosaint sonraí d'aon ghnó agus mar réamhshocrú,
- (b) treoracha oiriúnacha a thabhairt don fhoireann atá faoina údarás chun a áirithiú go bhfuil an phróiseáil dleathach, cothrom, trédhearcach agus rúnda agus chun leibhéal iomchuí slándála a chur ar fáil i bhfianaise na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil,
- (c) comhoibriú leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi seach, chun a ndualgais a fheidhmiú, go háirithe trí fhaisnéis a sheoladh chucu mar fhreagra ar a n-iarrataí laistigh de 20 lá oibre ar a mhéad;
- (d) an tOifigeach Cosanta Sonraí a chur ar an eolas agus páirt a thabhairt dó ar bhealach tráthúil, go háirithe i dtionscadail maidir le hoibríochtaí nua próiseála sonraí nó maidir le modhuithe suntasacha ar oibríochtaí atá ann cheana.

CAIBIDIL II

EISCEACHTAÍ, MAOLUITHE AGUS SRIANTA AR CHEARTA AN DUINE IS ÁBHAR DO NA SONRAÍ

ROINN 1

Eisceachtaí agus maoluithe*Airteagal 3***Eisceachtaí**

1. Sula gcuirfidh sé srian i bhfeidhm de bhun Roinn 2 den Chaibidil seo, breithneoidh an rialaitheoir an bhfuil feidhm ag aon cheann de na heisceachtaí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe na heisceachtaí sin de bhun Airteagail 15(4), 16(5), 19(3) agus 35(3) den Rialachán sin.
2. Chun próiseáil a dhéanamh chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail agus chun próiseáil a dhéanamh chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh, déanfaidh an rialaitheoir breithniú an bhfuil feidhm ag na heisceachtaí de bhun Airteagal 16(5), pointe (b) agus Airteagal 19(3), phointe (d) de Rialachán (AE) 2018/1725.

*Airteagal 4***Maoluithe**

1. Chun próiseáil a dhéanamh chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail, féadfaidh an rialaitheoir maoluithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725. Chuige sin, féadfaidh an rialaitheoir maolú ar na cearta dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 20, 21, 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 25(4) den Rialachán sin.
2. Chun próiseáil a dhéanamh chun críoch taighde eolaíochta nó staire nó chun críoch staidrimh, féadfaidh an rialaitheoir maoluithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 25(3) de Rialachán (AE) 2018/1725. Chuige sin, féadfaidh an rialaitheoir maolú ar na cearta dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 20 agus 23 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhréir leis na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 25(3) den Rialachán sin.
3. Beidh maoluithe den sórt sin faoi réir coimircí iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus le hAirteagal 6(1) agus (2) den Chinneadh seo. Beidh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun a áirithiú go n-urramófar íoslghdú sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm bréige a ghlacadh.

ROINN 2

Srianta*Airteagal 5***Ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos leis an Roinn seo na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 25 de.

Comhlánaítear na coinníollacha ginearálta dá dtagraítear i bhfomhír a haon le forálacha na nIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo, ina sonraítear na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Údarás srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí agus dá nósanna imeachta i gcás ina mbeidh sonraí pearsanta á bpróiseáil agus ina bhféadfaidh srianta a bheith riachtanach.

2. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críoch na ngníomhaíochtaí agus na nósanna imeachta a dhéanann an tÚdarás, de réir mar a shonraítear sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 6

Coimircí

1. Déanfar sonraí pearsanta atá faoi réir srianta a stóráil i dtimpeallacht shlán fhisiceach nó leictreonach ina gcuirtear cosc ar rochtain nó aistriú neamhdhleathach sonraí chuig daoine nach bhfuil gá acu le fios a bheith acu.
2. Sula gcuirfear aon srian i bhfeidhm, déanfar measúnú an bhfuil an srian riachtanach agus comhréireach, agus ar na rioscaí do na daoine is ábhar do na sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chinneadh seo.

Airteagal 7

Na srianta is infheidhme

1. Faoi réir Airteagal 8 go hAirteagal 13 agus faoi réir na sonraíochtaí a leagtar síos sna hlarscríbhinní is infheidhme a ghabhann leis an gCinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srianta a chur i bhfeidhm maidir le cearta sin an duine is ábhar do na sonraí dá dtagraítear go sainráite sna hlarscríbhinní is infheidhme, i gcás ina ndéanfaidh feidhmiú na gceart sin cuspóir ceann de na ngníomhaíochtaí nó de na nósanna imeachta a leagtar síos sna hlarscríbhinní sin a chur i mbaol.
2. I gcás ina gcuireann sé srian i bhfeidhm, agus go háirithe i gcás ina ndéanann sé feidhmiú cheart an duine is ábhar do na sonraí a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú, go hiomlán nó go páirteach, leanfaidh an rialaitheoir ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chinneadh seo.

Airteagal 8

An ceart atá ag an duine is ábhar do na sonraí go ndéanfar iad a chur ar an eolas faoi na cúiseanna le haghaidh na srianta.

1. I gcás ina gcuireann an rialaitheoir srian leis an gceart chun faisnéise, dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725, cuirfear na daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas, i gcomhréir le hAirteagal 25(6) den Rialachán sin, faoi na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsrianta bunaithe agus faoin gceart atá acu gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.
2. Tar éis measúnú cás ar chás, áfach, féadfar soláthar faisnéise den sórt sin a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú, i gcomhréir le hAirteagal 25(8) de Rialachán (AE) 2018/1725, a fhad agus a chuirfí éifeacht an tsrianta ar ceal leis. A luaithe nach gcuirfeadh soláthar na faisnéise sin éifeacht an tsrianta ar ceal a thuilleadh, cuirfear an fhaisnéis ar fáil don duine is ábhar do na sonraí.

Airteagal 9

Ceart rochtana ag na hábhair sonraí, an ceart go ndéanfaí ceartú, an ceart go ndéanfaí léirsciosadh, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil agus an oibleagáid fógra a thabhairt

1. I gcás ina gcuirfidh an rialaitheoir srian, go hiomlán nó i bpáirt, leis an gceart atá ag ábhair sonraí rochtain a fháil ar shonraí pearsanta, leis an gceart ceartúcháin, leis an gceart go scriosfaí sonraí pearsanta nó leis an gceart chun srianadh a chur ar phróiseáil dá dtagraítear in Airteagail 17, 18, 19 agus 20 faoi seach de Rialachán (AE) 2018/1725 chomh maith leis an oibleagáid fógra a thabhairt de bhun Airteagal 21 den Rialachán sin, cuirfidh sé in iúl ábhar sonraí lena mbaineann, ina fhreagra ar iarraidh ar rochtain, ceartú, scriosadh nó srianadh ar phróiseáil, an oibleagáid fógra a thabhairt de bhun Airteagal 21 den Rialachán sin, agus cuirfidh sé an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an srianadh agus maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfí srian ar an gCúirt Bhreithiúnais lena mbaineann.

2. Féadfar soláthar na faisnéise maidir leis na cúiseanna atá leis an srianadh dá dtagraítear i mír 1, tar éis measúnú cás ar chás, a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad a chuirfeadh sé éifeacht an tsrianta ar ceal. A luaithe nach gcuirfeadh soláthar na faisnéise sin éifeacht an tsrianta ar ceal a thuilleadh, cuirfear an fhaisnéis ar fáil don ábhar sonraí.

3. I gcás ina bhfuil an ceart rochtana srianta go hiomlán nó i bpáirt agus inar fheidhmigh an t-ábhar sonraí a cheart nó a ceart gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas an ndearnadh na sonraí a phróiseáil i gceart agus, mura ndearnadh, an ndearnadh aon cheartú i gcomhréir le hAirteagal 25(7) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 10

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

I gcás ina gcuireann sé srian ar chur i bhfeidhm Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1725, leanfaidh an rialaitheoir ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chinneadh seo. Má chuirtear srian ar shárú i ndáil le sonraí a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí ar an mbonn sin, déanfar é sin a dhoiciméadú i nóta agus cuirfear an nóta sin in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tráth a thabharfar fógra faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta.

Airteagal 11

Rúndacht na cumarsáide leictreonaí

I gcás ina gcuireann sé srian ar an oibleagáid rúndacht cumarsáide leictreonaí dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1725 a áirithiú, leanfaidh an rialaitheoir ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chinneadh seo.

Airteagal 12

Measúnú ar riachtanas agus ar chomhréireacht, srianta a thaifeadh agus a chlárú

1. Sula gcuirfidh sé aon srianta ar leith i bhfeidhm, déanfaidh an rialaitheoir measúnú ar bhonn gach cáis ar leith an bhfuil na srianta riachtanach agus comhréireach, agus Airteagal 25(2) agus (8) de Rialachán (AE) 2018/1725 á gcur i gcuntas.

2. Luafar i scríbhinn sa mheasúnú sin na cúiseanna atá le haon srian a chuirfear i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo agus áireofar leis scrúdú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí lena mbaineann, go háirithe an riosca go bhféadfaí a sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh gan fhios dóibh agus go bhféadfaí cosc a chur orthu a gcearta a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725, agus ar an gcaoi a ndéanadh feidhmiú chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí cuspóir ceann de na gníomhaíochtaí nó de na nósanna imeachta a dhéanfaidh an tÚdarás, mar a shainítear sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo, a chur i mbaol.

3. Stórálfar na measúnuithe i gclár lárnach agus cuirfear ar fáil iad don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

4. I gcás ina gcuireann an rialaitheoir srian ar cheart rúndachta cumarsáide leictreonaí dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1725 faoin Airteagal seo, cuirfidh an rialaitheoir an duine lena mbaineann is ábhar do na sonraí ar an eolas, mar fhreagra ar aon iarraidh ón duine is ábhar do na sonraí, mar gheall ar na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsrianta bunaithe agus an ceart gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí.

5. Féadfar soláthar na faisnéise dá dtagraítear i mír 4, tar éis measúnú cás ar chás, a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad a chuirfeadh sé éifeacht an tsrianta ar ceal. A luaithe nach gcuirfeadh soláthar na faisnéise sin éifeacht an tsrianta ar ceal a thuilleadh, cuirfear an fhaisnéis ar fáil don duine is ábhar do na sonraí.

*Airteagal 13***Fad na srianta**

1. Beidh feidhm ag srianta dá dtagraítear sa Chinneadh seo, arna léamh in éineacht leis na hlarscríbhinní is infheidhme a ghabhann leis an gCinneadh seo, fad a leanfaidh na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt dóibh de bheith infheidhme.
2. I gcás nach ann a thuilleadh do na cúiseanna le srian dá dtagraítear sa Chinneadh seo, ar srian é arna léamh i dteannta na nIarscríbhinní is infheidhme maidir leis an gCinneadh seo, cuirfidh an rialaitheoir an srian i leataobh. Ag an am céanna, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí na príomhchúiseanna leis an srianadh agus cuirfidh sé an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tráth ar bith nó leigheas breithiúnach a lorg os comhair na Cúirte Breithiúnais.
3. Déanfaidh an rialaitheoir athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na srianta dá dtagraítear sa Chinneadh seo, arna léamh in éineacht leis na hlarscríbhinní is infheidhme a ghabhann leis an gCinneadh seo, gach sé mhí tar éis a ghlactha agus tráth a dhúnfar an nós imeachta ábhartha. Ina dhiaidh sin, chun críoch na ngníomhaíochtaí agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VII agus VIII a ghabhann leis an gCinneadh seo, déanfaidh an rialaitheoir faireachán ar an ngá atá le haon srian a choimeád ar bun ar bhonn bliantúil.

*Airteagal 14***Athbhreithniú ag an Oifigeach Cosanta Sonraí**

1. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas, gan moill mhíchuí, aon uair a bheidh cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí srianta i gcomhréir leis an Roinn seo. Rachfar i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, a mhéid is féidir, roimh an nós imeachta srianta agus i rith an nós imeachta sin agus beidh baint aige leis an measúnú. Déanfar rannpháirtíocht an Oifigigh Cosanta Sonraí a dhoiciméadú i nóta a thabharfaidh an rialaitheoir ar aird. Déanfar an fhaisnéis a roinneadh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí a dhoiciméadú sa nóta.

Arna iarraidh sin, tabharfar rochtain don Oifigeach Cosanta Sonraí ar aon doiciméid ina bhfuil eilimintí bunúsacha fórasacha agus dlíthiúla.

2. Féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú ar na srianta a iarraidh ar an rialaitheoir. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh an athbhreithnithe iarrtha.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 15***Iarscríbhinní**

Is cuid dhílis den Chinneadh seo iad na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 16***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Údaráis um páirtithe polaitiúla Eorpacha
agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha,*

An Stiúrthóir,

M. ADAM

IARSCRÍBHINN I

Nósanna imeachta araíonachta, fiosrúcháin riaracháin agus imscrúduithe a bhaineann le cúrsaí foirne**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an larscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir chun críche na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 2.

2. Leagtar síos san larscríbhinn seo na coinníollacha sonracha faoina bhféadfaidh an rialaitheoir, agus é i mbun nósanna imeachta araíonachta, fiosrúcháin riaracháin agus imscrúduithe a bhaineann le cúrsaí foirne de bhun Airteagal 86 agus larscríbhinn IX de Rialachán (AE) 2018/1725, agus imscrúduithe i gcomhthéacs iarrataí ar chúnamh arna dtíolacadh faoi Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne agus maidir le cásanna ciaptha líomhnaithe, srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go hAirteagal 21 den Rialachán sin, chun go gcoimirceofaí:

- (a) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais amhail cumas an Údaráis a oibleagáidí faoi na Rialacháin Foirne a chomhlíonadh agus a bheartas inmheánach foirne a sheoladh, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725,
- (b) sáruithe eitice a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh do ghairmeacha rialáilte, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1725,
- (c) feidhm faireacháin, cigireachta nó rialála a bhfuil baint aici, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (g) de, agus
- (d) cearta agus saoirsí ábhar sonraí eile a chosaint, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Tá feidhm ag an larscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) sonraí maidir le daoine a bheith i láthair;
- (e) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha daoine;
- (f) sonraí lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach nó sonraí a bhaineann leis an tsláinte;
- (g) na sonraí eile go léir a bhaineann le hábhar na nósanna imeachta araíonachta ábhartha, fiosrúcháin riaracháin agus imscrúduithe a bhaineann le cúrsaí foirne arna ndéanamh ag an Údarás.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina ndéanadh feidhmiú na gceart sin cuspóir agus éifeachtacht na nósanna imeachta araíonachta, fiosrúcháin riaracháin nó imscrúduithe ar ábhair foirne a chur i mbaol, lena n-áirítear imscrúduithe ar chásanna ciaptha líomhnaithe, nó i gcás ina ndéanadh feidhmiú na gceart sin dochar do chearta agus saoirsí na ndaoine eile is ábhar do na sonraí.

IARSCRÍBHINN II

Nósanna imeachta roghnúcháin**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir chun nósanna imeachta roghnúcháin a sheoladh.

2. Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha faoina bhféadfaidh an rialaitheoir, agus é ag déanamh nósanna imeachta roghnúcháin ⁽¹⁾, srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725, chun an méid seo a leanas a choimirciú:

- (a) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas poiblí ginearálta amhail cumas an Údaráis a oibleagáidí faoi na Rialacháin Foirne a chomhlíonadh agus a bheartas inmheánach foirne a sheoladh, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725,
- (b) cearta agus saoirsí ábhar sonraí eile a chosaint, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) óráidí taifeadta nó trialacha iarrthóirí;
- (e) bileoga meastóireachta;
- (f) na sonraí eile go léir a bhaineann leis na nósanna imeachta roghnúcháin ábhartha arna seoladh ag an Údarás.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagal 8 go hAirteagal 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur le feidhmiú cheart na ndaoine is ábhar do na sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcás ina ndéanfaidh feidhmiú an chirt sin cuspóir agus éifeachtacht na nósanna imeachta roghnúcháin sin a chur i mbaol, go háirithe trí mheasúnuithe a dhéanann coistí roghnúcháin a nochtadh, nó trína ndéanfaidh sé dochar do chearta agus do shaoirsí daoine eile is ábhar do na sonraí, go háirithe trí shonraí pearsanta iarrthóirí eile a nochtadh. Ní chuirfear an srian ar chearta agus saoirsí daoine eile is ábhar do shonraí a chosaint i bhfeidhm ach amháin in imthosca fóirseachtúla.

(3) Fad na srianta

De mhaolú ar Airteagal 13 den Chinneadh seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le fad na srianta:

- Leanfaidh na srianta a chuirfear i bhfeidhm de bhun na hIarscríbhinne seo de bheith i bhfeidhm fad is a bheidh na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt dóibh fós infheidhme.
- Cuirfidh an rialaitheoir an srian i leataobh i gcás nach ann a thuilleadh do na cúiseanna atá le srianadh agus i gcás inar iarr an t-ábhar sonraí arís rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta lena mbaineann. Ag an am céanna, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí na príomhchúiseanna leis an srianadh agus cuirfidh sé an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tráth ar bith nó leigheas breithiúnach a lorg os comhair na Cúirte Breithiúnais.

⁽¹⁾ Áirítear leis sin nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh gníomhairí sealadacha agus gníomhairí ar conradh chomh maith le comórtais inmheánacha.

IARSCRÍBHINN III

Gearáin ó bhaill foirne a scrúdú**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir chun gearáin a phróiseáil faoi na Rialacháin Foirne.
2. Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha, agus gearáin ón bhfoireann de bhun Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne ⁽¹⁾, go bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, chun go gcoimirceofaí:
 - (a) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais amhail cumas an Údaráis a oibleagáidí faoi na Rialacháin Foirne a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus
 - (b) sáruithe eitice a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh do ghairmeacha rialáilte, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1725.
3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:
 - (a) sonraí aitheantais
 - (b) sonraí teagmhála;
 - (c) sonraí gairmiúla;
 - (d) na sonraí eile go léir a bhaineann leis na gearáin ábhartha arna ndéanamh ag an bhfoireann.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin imeachtaí gearáin faoi na Rialacháin Foirne i mbaol.

⁽¹⁾ Mar chuid den scrúdú a dhéanann baill foirne ar ghearáin de bhun Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh an tÚdarás sonraí pearsanta bhaill foirne seachas an gearánach a phróiseáil chun comhlíonadh phrionsabal na córa comhionainne a fhíorú.

IARSCRÍBHINN IV

Iniúchtaí inmheánacha**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir chun iniúchtaí inmheánacha a sheoladh.

2. Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha, agus iniúchtaí inmheánacha á ndéanamh aige chun críche Rialacháin (AE, Euratom) 2018/1046 ⁽¹⁾, go bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, chun go gcoimirceofaí:

- (a) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais nó Ballstáit go háirithe leas airgeadais an Aontais nó Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/1725, agus
- (b) feidhm faireacháin, cigireachta nó rialála a bhfuil baint aici, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (g) de,

3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) sonraí airgeadais;
- (e) sonraí tráchta;
- (f) sonraí maidir le daoine a bheith i láthair;
- (g) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha daoine;
- (h) sonraí cleamhnachta polaitiúla;
- (i) na sonraí eile go léir a bhaineann le hábhar na gníomhaíochta iniúcháireachta ábhartha.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin iniúchtaí a bheith á ndéanamh ag an Údarás i mbaol.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

IARSCRÍBHINN V

Imeachtaí breithiúnacha**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir chun críche imeachtaí breithiúnacha.

2. Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha faoina bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, chun cosaint imeachtaí breithiúnacha a choimirciú, i gcomhréir le hAirteagal 25(1) pointe (e) de.

3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) sonraí airgeadais;
- (e) sonraí tráchta;
- (f) sonraí maidir le daoine a bheith i láthair;
- (g) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha daoine;
- (h) na sonraí eile go léir a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí breithiúnacha ábhartha.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin imeachtaí breithiúnacha a bheith á ndéanamh i mbaol.

IARSCRÍBHINN VI

Gníomhaíochtaí fíoraithe, faireacháin agus imscrúdaithe**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir chun gníomhaíochtaí fíoraithe, faireacháin agus imscrúdaithe a dhéanamh de réir bhrí mhír 2.

2. Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha, agus gníomhaíochtaí fíoraithe, faireacháin agus imscrúdaithe á ndéanamh acu maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha, fondúireachtaí polaitiúla na hEorpa agus iarratasóirí ar chlárú, go bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, chun go gcoimirceofaí:

- (a) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leas poiblí ginearálta an Aontais nó Ballstáit go háirithe clárú agus maoirseacht páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis na misin a thugtar don Údarás faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ⁽¹⁾,
- (b) cuspóirí tábhachtacha eile a bhaineann le leasanna poiblí ginearálta an Aontais nó Ballstáit go háirithe leas airgeadais an Aontais nó Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/1725,
- (c) feidhm faireacháin, cigireachta nó rialála a bhfuil baint aici, fiú go hócáideach, le feidhmiú údarais oifigiúil sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointí (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2018/1725, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (g) de, agus
- (d) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú, i gcomhréir le hAirteagal 25 (1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1725,

3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) sonraí airgeadais;
- (e) sonraí tráchta;
- (f) sonraí maidir le daoine a bheith i láthair;
- (g) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha daoine;
- (h) sonraí cleamhnachta polaitiúla;
- (i) na sonraí eile go léir a bhaineann le hábhar an fhaireacháin agus na n-imscrúduithe ábhartha arna ndéanamh ag an Údarás.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin cuspóir agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí fíoraithe, faireacháin agus imscrúdaithe arna ndéanamh ag an Údarás i mbaol, lena n-áirítear trína gcuid uirlisí agus modhanna imscrúdaithe a nochtadh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).

IARSCRÍBHINN VII

Comhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (“OLAF”)**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe aistriú sonraí pearsanta, ag an rialaitheoir chun faisnéis agus doiciméid a chur ar fáil do OLAF, chun fógra a thabhairt do OLAF faoi chásanna nó chun faisnéis agus doiciméid a thagann ó OLAF a phróiseáil.

2. Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha, agus faisnéis agus doiciméid á gcur ar fáil do OLAF arna iarraidh sin ag OLAF nó as a stuaím féin, agus cásanna á gcur in iúl do OLAF nó nuair a bhíonn faisnéis agus doiciméid a thagann ó OLAF á bpróiseáil go bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, chun go gcoimirceofaí:

- (a) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú, i gcomhréir le hAirteagal 25 (1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1725, agus
- (b) sáruithe eithe a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh do ghairmeacha rialáilte, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Sula gcuirfidh sé srian i bhfeidhm faoi mhír 2, rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle le OLAF maidir leis an ngá atá le srian den sórt sin mura rud é go bhfuil sé cinnte don rialaitheoir go bhfuil srian fíor-riachtanach ar na cúiseanna a leagtar amach i bhfómhír (a) agus i bhfómhír (b) de mhír 2, nó i gcás ina gcuirfeadh comhairliúchán den sórt sin gníomhaíochtaí OLAF i mbaol.

4. Ní bheidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcás ina ngníomhaíonn OLAF mar rialaitheoir, go háirithe i gcás ina bpróiseálann OLAF sonraí pearsanta atá á gcoinneáil in áitreabh an Údaráis de bhun Airteagal 4(2) agus Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

5. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) sonraí airgeadais;
- (e) sonraí tráchta;
- (f) sonraí maidir le daoine a bheith i láthair;
- (g) sonraí maidir le gníomhaíochtaí seachtracha daoine;
- (h) sonraí cleamhnachta polaitiúla;
- (i) na sonraí eile go léir a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe ábhartha arna dhéanamh ag OLAF nó ag an Údarás i gcomhar le OLAF.

(2) Na srianta is infheidhme

1. Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin cuspóir agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí imscrúdaithe OLAF nó gníomhaíochtaí imscrúdaithe an Údaráis i gcomhar le OLAF i mbaol, lena n-áirítear trína gcuid uirlisí agus modhanna imscrúdaithe a nochtadh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúdaithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

2. Faoi réir Airteagal 8 go hAirteagal 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an tÚdarás srian a chur ar na cearta agus na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 maidir le sonraí pearsanta arna bhfáil ó OLAF, i gcás ina bhféadfadh OLAF feidhmiú na gcearta agus na n-oibleagáidí sin a shrianadh ar bhonn Airteagal 2(3) de Chinneadh (AE) 2018/1962 ón gCoimisiún ⁽²⁾.

—

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2018/1962 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) i ndáil le faisnéis a sholáthar do dhaoine is ábhar do shonraí agus maidir le srian ar chearta áirithe dá gcuid i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 315, 12.12.2018, lch. 41).

IARSCRÍBHINN VIII

Comhar leis na Ballstáit i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla nó airgeadais**(1) Ábhar agus raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe aistriú sonraí pearsanta, ag an rialaitheoir chun faisnéis agus doiciméid a iarrann údaráis náisiúnta faoi chuimsiú imscrúduithe coiriúla nó airgeadais a sholáthar dóibh.

2. Leagtar síos leis an Iarscríbhinn seo na coinníollacha sonracha, agus faisnéis agus doiciméid a iarrann údaráis náisiúnta faoi chuimsiú imscrúduithe coiriúla nó airgeadais a sholáthar dóibh ⁽¹⁾, go bhféadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, chun go gcoimirceofaí:

- (a) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú, i gcomhréir le hAirteagal 25 (1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1725,
- (b) neamhspleáchas breithiúnach agus imeachtaí breithiúnacha a chosaint, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2018/1725, agus
- (c) sáruithe eite a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh do ghairmeacha rialáilte, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

- (a) sonraí aitheantais
- (b) sonraí teagmhála;
- (c) sonraí gairmiúla;
- (d) sonraí airgeadais;
- (e) cumarsáid leictreonach;
- (f) sonraí tráchtacha;
- (g) sonraí maidir le daoine a bheith i láthair;
- (h) na sonraí eile go léir a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe ábhartha arna dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta.

(2) Na srianta is infheidhme

Faoi réir Airteagail 8 go 13 den Chinneadh seo, féadfaidh an rialaitheoir srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de a mhéid a chomhfhreagraíonn a chuid forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 14 go 21 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfeadh feidhmiú na gceart sin cuspóir agus éifeachtacht imscrúduithe coiriúla agus airgeadais náisiúnta i mbaol.

⁽¹⁾ Tá sé de cheangal ar an Údarás an fhaisnéis agus na doiciméid a iarrtar a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta de réir phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.